


Tomhais: Airgead – Moltaí don teagasc





MEON TÁIRGIÚIL A CHOTHÚ

- Úsáid comhthéacsanna nó cásanna a bhaineann le hairgead atá tráthúil (séasúrach), gar don fhíorshaol agus atá dúshlánach go cuí.
- Tabhair aitheantas agus déan ceiliúradh ar imeacht ón bhfíorshaol inar bailíodh airgead.
- Spreag an tábhacht a bhaineann le foghlaim faoi airgead agus a úsáideacht sa saol.

SPRAÍÚLACHT A SPREAGADH LEIS AN MATAMAITIC

- Spreag rólghlacadh agus súgradh samhlaíoch i gcomhthéacsanna atá fiúntach do pháistí.
- Tabhair dúshlán do pháistí a gcuid smaointe maidir le hairgead agus/ nó gnó a chur i láthair trí dhúshlán spraiúla.
- Iarr ar na páistí meastacháin a sheiceáil agus smaointe a thástáil ag baint úsáid as ríomhanna agus áireamháin.





TASCANNA ATÁ DÚSHLÁNACH GO COGNAÍOCH A ÚSÁID

- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí chun tascanna oscailte a bhaineann le hairgead a fhiosrú agus chun tabhairt fúthu.
- Spreag páistí chun machnamh a dhéanamh ar réitigh nó smaointe chun an luach is fearr ar airgead a chinneadh.
- Cuir dúshlán agus castacht isteach i leith tascanna trí líon na ríomhanna a mhéadú, méideanna barrachais a chur leis, athróga eile a athrú.

BÉIM A CHUR AR AN SAMHALTÚ MATAMAITICIÚIL

- Spreag páistí le léiriú a dhéanamh ar bhealaí éagsúla chun airgead a thaifeadh.
- Tabhair blaiseadh do na páistí de réimse spreagthaí, acmhainní agus comhthéacsanna a bhaineann le hairgead.
- Úsáid cásanna oscailte chun lígean do pháistí samhlacha a thógáil agus a thástáil maidir le hairgead.



MATA-CHAIT A CHUR CHUN CINN

- Cuir deiseanna ar fáil do pháistí idirbhearta a chur i bhfeidhm a bhaineann le ceannach agus díol.
- Éascaigh ceisteanna scrúdacha chun feacht agus tuiscint ar luach airgeadaíochta a neartú.
- Cinntigh spás do pháistí chun cinntí airgeadais a phlé agus údar a thabhairt dóibh.